GCSE

Rewarding Learning

## Ábhair Shamplacha Mheasúnaithe GCSE CCEA

# Sláinte agus Cúram Sóisialta

Le teagasc den chéad uair ó Mheán Fómhair 2017
Le **measúnú** den chéad uair Samhradh 2018
Le bronnadh den chéad uair Samhradh 2019

Cód Ábhair: 0003

# Réamhrá

Tá sonraíochtaí nua forbartha ag CCEA a chomhlíonann critéir cháilíochtaí GCSE. Tá na hábhair shamplacha mheasúnaithe seo a théann leis na sonraíochtaí nua á gcur ar fáil le treoir a thabhairt do lárionaid ar struchtúr agus ar thréithe na measúnuithe atá beartaithe roimh an chéad mheasúnú. Is é an aidhm gur cuidiú iad na hábhair shamplacha mheasúnaithe sa leabhrán seo le go dtuigfidh múinteoirí agus daltaí, a oiread agus is féidir, an méid a mbeidh marcálaithe ag dúil leis i bhfreagraí iarrthóirí ar na cineálacha tascanna agus ceisteanna a chuirfear ina láthair ag leibhéal GCSE.
Ba chóir na hábhair shamplacha mheasúnaithe seo a úsáid i gcomhar le sonraíocht GCSE CCEA don tSláinte agus Cúram Sóisialta.

# Sláinte agus Cúram Sóisialta
Ábhair Shamplacha Mheasúnaithe

## Clár Ábhair


**Páipéir Shamplacha** **3**

Aonad 1: Forbairt, Sláinte agus Folláine Phearsanta 3
Aonad 2: Tasc Measúnú Rialaithe: Ag Obair sna hEarnálacha Sláinte, Cúram Sóisialta agus Luathbhlianta 21

**Scéimeanna Marcála** **23**

Treoracha Ginearálta Marcála 25
Aonad 1: Forbairt, Sláinte agus Folláine Phearsanta 29
Aonad 2: Ag Obair sna hEarnálacha Sláinte, Cúram Sóisialta agus 45

| | |
|---|---|
| Cód Ábhair | 0003 |
| QAN | 603/1385/7 |

Foilseachán CCEA © 2017

Is féidir tuilleadh cóipeanna den fhoilseachán seo a íoslódáil ó www.ccea.org.uk

# PÁIPÉIR SHAMPLACHA

# PÁIPÉIR SHAMPLACHA

Rewarding Learning

Uimhir Lárionaid

| | | | | |
|---|---|---|---|---|
| | | | | |

Uimhir Iarrthóra

| | | | |
|---|---|---|---|
| | | | |

General Certificate of Secondary Education
2018

# Sláinte agus Cúram Sóisialta

## Aonad 1
## Forbairt, Sláinte agus Folláine Phearsanta

## [CÓD]

## PÁIPÉAR SAMPLACH

**AM**

1 uair 30 nóiméad.

**TREOIR D'IARRTHÓIRÍ**

Scríobh d'Uimhir Lárionaid agus d'Uimhir Iarrthóra sna spásanna chuige sin ag barr an leathanaigh seo.

Scríobh do fhreagraí sna spásanna chuige sin sa scrúdpháipéar seo.
Freagair **gach** ceist.

**EOLAS D'IARRTHÓIRÍ**

Is é **100** an marc iomlán don pháipéar seo.
Léiríonn figiúirí idir lúibíní ar thaobh na láimhe deise de leathanaigh na marcanna atá ag dul do gach ceist nó do gach cuid de cheist.

Measúnófar caighdeán na cumarsáide scríofa i gCeist **2(c), 3(d) agus 3(e)**.

| Don Scrúdaitheoir amháin | |
|---|---|
| **Uimhir Ceiste** | **Marcanna** |
| 1 | |
| 2 | |
| 3 | |
| **Marc Iomlán** | |

| Scrúdaitheoir Amháin | |
|---|---|
| Marcanna | Athmharc |
| | |

**1** Tá Marc, 43 bliain d'aois, agus Póilín, 40 bliain d'aois, ina gcónaí le chéile le fiche bliain.

**(a) (i)** Tá Marc agus Póilín i gcéim na beatha ar a dtugtar meánaosacht atá ó _____ go _____ bliain. [2]

**(ii)** Scríobh na **ceithre** chéim bheatha atá curtha díbh ag Marc agus Póilín cheana.

1 _____ [1]

2 _____ [1]

3 _____ [1]

4 _____ [1]

**(b) (i)** Scríobh an cineál caidrimh atá idir Marc agus Póilín.

_____ [1]

**(ii)** Tá dea-chaidreamh idir Marc agus Póilín agus baineann siad sult as am a chaitheamh le chéile.

Mínigh **dhá** bhealach ar féidir leis seo tionchar dearfach a imirt ar fhorbairt mhothúchánach Mharc.

1 _____

_____

_____

_____ [2]

2 _____

_____

_____

_____ [2]

**(c)** Cuir síos ar an fhorbairt **fhisiceach** a thiocfadh ar Phóilín, dar leat, ina céim bheatha reatha.

| Scrúdaitheoir Amháin | |
|---|---|
| Marcanna | Athmharc |

[3]

**(d)** **(i)** Chaill Póilín a post mar leabharlannaí ag deireadh na bliana mar gheall ar iomarcaíocht.

Úsáid na ceannteidil seo a leanas agus déan measúnú ar an dóigh a rachadh iomarcaíocht i gcion ar fhorbairt fhisiceach Phóilín.

Éifeacht ar fhorbairt intleachtúil

[3]

Éifeacht ar fhorbairt mhothúchánach

[3]

Éifeacht ar fhorbairt shóisialta

[3]

**(ii)** Cuir síos ar an dóigh a bhféadfadh eagraíocht ón earnáil dheonach cuidiú le Póilín déileáil le héifeachtaí na hiomarcaíochta.

[3]

| Scrúdaitheoir Amháin | |
|---|---|
| Marcanna | Athmharc |

**(e)** Is féidir go mbeidh duine thíos leis mar gheall ar ghuaiseanna ceirde a bhaineann lena phost a dhéanamh. Is tiománaí tacsaí é Marc i gcathair mhór. Oibríonn sé uaireanta fada ar a n-áirítear ag tosú go luath, ag críochnú go mall agus ag obair i rith na hoíche.

Úsáid na ceannteidil seo a leanas agus déan cur síos ar an dóigh a rachadh guaiseanna ceirde i bhfeidhm ar shláinte agus ar fholláine Mharc.

Éifeacht ar shláinte agus ar fholláine **fhisiceach** Mharc

_____

_____

_____

_____

_____

_____ [3]

Éifeacht ar shláinte agus ar fholláine **shóisialta** Mharc

_____

_____

_____

_____

_____

_____ [3]

| Scrúdaitheoir Amháin | |
|---|---|
| Marcanna | Athmharc |
| | |

| Scrúdaitheoir Amháin | |
|---|---|
| Marcanna | Athmharc |

**2** Tá clann Kava i ndiaidh teacht go Tuaisceart Éireann ón Pholainn. Tá iníon amháin acu, Marta, atá ceithre bliana déag d'aois.

**(a)** Liostaigh **trí** shampla d'fhorbairt mhothúchánach Marta ina céim bheatha reatha.

1 _____

_____ [1]

2 _____

_____ [1]

3 _____

_____ [1]

**(b)** Cuir síos ar an dóigh a rachadh na tosca seo a leanas i bhfeidhm **go dearfach** ar fhéinchoincheap Marta.

Cuma

_____

_____

_____

_____

_____

_____ [3]

Cultúr/eitneacht

_____

_____

_____

_____

_____

_____ [3]

Oideachas

| Scrúdaitheoir Amháin | |
|---|---|
| Marcanna | Athmharc |

[3]

**(c)** Caitheann athair Marta fiche toitín sa lá.

Déan anailís ar an dóigh a rachadh caitheamh tobac i bhfeidhm ar shláinte **fhisiceach, mhothúchánach** agus **shóisialta** an duine.

Measúnófar caighdeán na cumarsáide scríofa i do fhreagra.

| Scrúdaitheoir Amháin | |
|---|---|
| Marcanna | Athmharc |

[9]

**(d)** Ní raibh máthair Marta, Olga, ag iarraidh teacht ar imirce go Tuaisceart Éireann.

Úsáid na ceannteidil seo a leanas agus cuir síos ar an éifeacht **dhiúltach** a bheadh ag inimirce ar fhorbairt Olga.

Éifeacht ar fhorbairt **mhothúchánach**

_____

_____

_____

_____

_____

_____ [3]

Éifeacht ar fhorbairt **shóisialta**

_____

_____

_____

_____

_____

_____ [3]

| Scrúdaitheoir Amháin | |
|---|---|
| Marcanna | Athmharc |

**(e)** Chuir cairde Olga tacaíocht ar fáil di le cuidiú léi déileáil leis an aistriú go Tuaisceart Éireann.

Mínigh an dóigh a bhféadfadh cairde Olga cuidiú léi déileáil leis an athrú saoil seo agus na ceannteidil seo a leanas in úsáid agat.

Tacaíocht mhothúchánach

_____

_____

_____

_____ [2]

Cuidiú praiticiúil

_____

_____

_____

_____ [2]

Comhairle

_____

_____

_____

_____ [2]

| Scrúdaitheoir Amháin | |
|---|---|
| Marcanna | Athmharc |

**3** Cónaíonn Emma, atá 7 mbliana d'aois, agus Jamie, atá 4 bliana d'aois lena dtuismitheoirí.

| Scrúdaitheoir Amháin | |
|---|---|
| Marcanna | Athmharc |
| | |

**(a)** Mínigh **trí** dhóigh a bhforbródh Emma agus Jamie, dar leat, **go hintleachtúil** le linn a gcéim bheatha reatha.

1 _____

_____

_____

_____ [2]

2 _____

_____

_____

_____ [2]

3 _____

_____

_____

_____ [2]

**(b)** Cuir síos an dóigh a bhféadfadh tosú ar scoil éifeacht **dhearfach** a bheith aige ar fhorbairt shóisialta Jamie.

_____

_____

_____

_____

_____

_____ [3]

**(c)** Comhlánaigh an tábla thíos leis na cineálacha caidrimh atá ag Emma a thaispeáint.

| Caidreamh Emma: | Cineál caidrimh: |
|---|---|
| le Jamie | |
| lena múinteoir | |

[2]

| Scrúdaitheoir Amháin | |
|---|---|
| Marcanna | Athmharc |

**(d)** Tá máthair Emma agus Jamie ag súil le leanbh eile.

Déan anailís ar na patrúin forbartha **fhisiceacha, intleachtúla** agus **mhothúchánacha** lena mbeifí ag súil le linn naíonachta.

Measúnófar caighdeán na cumarsáide scríofa i do fhreagra.

| Scrúdaitheoir Amháin | |
|---|---|
| Marcanna | Athmharc |
| | |

| Scrúdaitheoir Amháin | |
|---|---|
| Marcanna | Athmharc |

[12]

**(e)** De réir staitisticí a tháirg an *NSPCC* tugadh drochíde fhisiceach do pháiste amháin as gach naonúr le linn aois an pháiste.

Déan luacháil ar na héifeachtaí a d'fhéadfadh a bheith ag drochíde fhisiceach ar **shláinte** agus ar fholláine **fhisiceach, mhothúchánach** agus **shóisialta** an pháiste.

Measúnófar caighdeán na cumarsáide scríofa i do fhreagra.

| Scrúdaitheoir Amháin | |
|---|---|
| Marcanna | Athmharc |

| Scrúdaitheoir Amháin | |
|---|---|
| Marcanna | Athmharc |

| Scrúdaitheoir Amháin | |
|---|---|
| Marcanna | Athmharc |

[12]

# SEO DEIREADH AN SCRÚDPHÁIPÉIR

Rewarding Learning

**General Certificate of Secondary Education**
**2019**

# Sláinte agus Cúram Sóisialta

## Tasc Measúnú Rialaithe

## Aonad 2: Ag Obair sna hEarnálacha Sláinte, Cúram Sóisialta agus Luathbhlianta

## [CÓD]

## SAMPLA

**TREOIR D'IARRTHÓIRÍ**

Ní mór duit:

**Gach** cuid a dhéanamh
Liosta de na foinsí ar fad a úsáideadh a chur isteach
Cloí le teorainneacha focal do gach rannán
Do chuid oibre a chur i láthair i gcomhad A4 le clúdach bog

**EOLAS D'IARRTHÓIRÍ**

Tá ualú **50%** ag dul leis an aonad seo.
Is é **100** an marc iomlán don aonad seo.

Dáta deiridh lena chur isteach **Bealtaine 2019**

## Tasc Measúnú Rialaithe Samplach d'Aonad 2

## Ag Obair sna hEarnálacha Sláinte, Cúram Sóisialta agus Luathbhlianta

## (Bealtaine 2019)

Anseo thíos tá an tasc measúnú rialaithe faoi choinne Sláinte agus Cúram Sóisialta GCSE

Ní mór d'iarrthóirí **gach** cuid a dhéanamh

**Cuid A**

**(i)** Roghnaigh duine fásta (fíor nó bréige) le míchumas fisiceach agus cuir síos ar an dóigh a dtéann an míchumas i bhfeidhm ar riachtanais fhisiceacha, intleachtúla, mhothúchánacha agus shóisialta an duine roghnaithe.

Teorainn focal – 1000 focal

**(ii)** Déan anailís ar an dóigh a riarann seirbhísí sláinte agus cúram sóisialta ar riachtanais an duine roghnaithe.

Teorainn focal – 1200 focal

**Cuid B**

**(i)** Mínigh, agus samplaí in úsáid, **ceithre** bhealach ar féidir le páistí seirbhísí sláinte agus cúram sóisialta a rochtain.

Teorainn focal – 200 focal

**(ii)** Déan measúnú ar na constaicí a bheadh ag páistí le teacht ar sheirbhísí sláinte agus cúram sóisialta agus déan anailís ar an dóigh leis na constaicí seo a shárú.

Teorainn focal – 1000 focal

**Cuid C**

**(i)** Déan imscrúdú agus cuir síos ar na róil phoist atá ag triúr cleachtóirí a oibríonn le daoine níos sine.

Teorainn focal – 600 focal

**(ii)** Déan anailís ar an dóigh a bhféadfadh duine **amháin** den triúr cleachtóirí na luachanna a bhaineann le cúram a chur i bhfeidhm ina c(h)uid oibre laethúil le húsáideoirí seirbhísí.

Teorainn focal – 700 focal

**(iii)** Déan luacháil ar d'fhoinsí fianaise do Chuid C

Teorainn focal − 300 focal

# SCÉIMEANNA MARCÁLA

# SCÉIMEANNA MARCÁLA

Rewarding Learning

General Certificate of Secondary Education

# Sláinte agus Cúram Sóisialta

# TREORACHA GINEARÁLTA MARCÁLA

**Treoracha Ginearálta Marcála**

***Intreoir***
Is é cuspóir na scéimeanna marcála a chinntiú go marcáiltear scrúduithe GCSE go comhsheasmhach agus go cothrom. Sa scéim mharcála, tugtar léiriú do mharcálaithe ar chineál agus ar réimse de fhreagairtí iarrthóirí ar dócha gur fiú creidiúint iad. Leagtar amach iontu fosta na critéir ba chóir dóibh a fheidhmiú agus iad ag tabhairt marcanna ar fhreagraí iarrthóirí.

***Cuspóirí Measúnaithe***
Thíos tá cuspóirí measúnaithe don tSláinte agus Cúram Sóisialta.

Ní mór d'iarrthóirí:

**CM1** eolas agus tuiscint a léiriú ar an inneachar sainithe.
**CM2** scileanna, eolas agus tuiscint a chur i bhfeidhm in éagsúlacht comhthéacsanna agus iad i mbun imscrúduithe agus tascanna a phleanáil agus a dhéanamh.
**CM3** eolas, foinsí agus fianaise a anailísiú agus a luacháil, breithiúnais réasúnaithe a dhéanamh agus tátail a chur i láthair (CM3).

***Cáilíocht fhreagairtí na n-iarrthóirí***
Nuair a bhíonn siad ag marcáil scrúdpháipéar, ba chóir do scrúdaitheoirí cáilíocht freagartha a lorg a léiríonn an leibhéal aibíochta a mbeifí ag dúil leis, ar bhonn réasúnta, ag dalta 16 bliana d'aois óir is é sin an aois atá ag formhór iarrthóirí scrúduithe GCSE.

***Solúbthacht sa mharcáil***
Níltear ag dúil le scéimeanna marcála bheith iomlán saintreorach. Ní thig le scéim mharcála ar bith gach freagairt a thabharfadh iarrthóirí a chlúdach. I gcás freagraí nach rabhthas ag súil leo, bítear ag dúil le scrúdaitheoirí a mbreithiúnas gairmiúil a fheidhmiú le bailíocht freagraí a mheas. Má tá fadhb ar leith ag baint le freagra, ba chóir do scrúdaitheoirí treoir a iarraidh ar an Scrúdaitheoir Maoirseachta.

***Marcáil dhearfach***
Moltar do scrúdaitheoirí bheith dearfach agus iad ag marcáil, agus creidiúint chuí a thabhairt don méid atá ar eolas ag daltaí, an méid a thuigeann siad agus an méid a thig leo a dhéanamh seachas pionós a ghearradh orthu as earráidí nó as easnaimh. Ba chóir do scrúdaitheoirí feidhm a bhaint as réimse iomlán na marcanna atá ar fáil in aon cheist ar leith agus bheith sásta iomlán marcanna a bhronnadh ar fhreagairt atá chomh maith agus a mbeifí ag dúil leis, ar bhonn réasúnta, ó iarrthóir GCSE 16 bliana d'aois.

***Marcanna nialasacha a bhronnadh***
Is ar fhreagairtí bailí amháin ba chóir marcanna a bhronnadh agus níor chóir marcanna a bhronnadh ar fhreagra atá go huile agus go hiomlán contráilte nó míchuí.

***Cineálacha scéimeanna marcála***
Marcáiltear tascanna nó ceisteanna inar gá d'iarrthóirí freagairt shínte scríofa a thabhairt ar bhonn leibhéil freagartha a chuireann caighdeán na cumarsáide scríofa san áireamh.

Ceisteanna eile nach bhfuil ach freagraí gairide de dhíth orthu, marcáiltear iad ar bhonn pointe ar phointe le marcanna bronnta ar gach píosa bailí eolais a chuirtear ar fáil.

***Leibhéil freagartha***
Tascanna agus ceisteanna a éilíonn ar iarrthóirí scríbhneoireacht shínte mar fhreagairt, déantar iad a mharcáil i dtéarmaí leibhéil freagartha. Agus cinneadh á dhéanamh acu ar an leibhéal freagartha atá le bronnadh, ba chóir do scrúdaitheoirí an 'oiriúint is fearr' a chuardach, ag cur san áireamh gur féidir laige i réimse amháin a chúiteamh le láidreacht i réimse eile. Nuair a bhíonn cinneadh á dhéanamh ar mharc le bronnadh ar fhreagairt taobh istigh de leibhéal ar leith, táthar ag dúil le go mbainfidh scrúdaitheoirí úsáid as a mbreithiúnas gairmiúil. Cuirtear an treoir seo a leanas ar fáil le cuidiú le scrúdaitheoirí.

- ***Feidhmíocht tairsí:*** Freagairt a thuilleann creidiúint sa leibhéal más ar éigean agus ar chóir marc a bhronnadh uirthi ag bun an raoin nó in aice leis sin.
- ***Feidhmíocht idirmheánach:*** Freagairt a thuilleann go follasach creidiúint sa leibhéal agus ar chóir marc a bhronnadh uirthi i lár an raoin nó in aice leis sin.
- ***Ardfheidhmíocht:*** Freagairt a chomhlíonann go hiomlán an cur síos ar an leibhéal agus ar chóir marc a bhronnadh uirthi ag barr an raoin nó in aice leis sin.

***Caighdeán na cumarsáide scríofa***
Cuirtear caighdeán na cumarsáide scríofa san áireamh nuair a bhítear ag measúnú freagairtí iarrthóirí ar gach tasc agus ar gach ceist inar gá dóibh freagairt a thabhairt i bhfoirm shínte scríofa. Marcáiltear na tascanna agus na ceisteanna seo ar bhonn leibhéil freagartha. Tá tagairt do chaighdeán na cumarsáide scríofa sa chur síos ar gach leibhéal freagartha.

Ar mhaithe le gontacht, idirdhealaítear caighdeán na cumarsáide scríofa taobh istigh de leibhéil freagartha mar seo a leanas:

Leibhéal 1: Tá caighdeán na cumarsáide scríofa bunúsach.
Leibhéal 2: Tá caighdeán na cumarsáide scríofa sásúil.
Leibhéal 3: Tá caighdeán na cumarsáide scríofa inniúil.

Agus léirmhíniú á dhéanamh acu ar gach cur síos ar leibhéal, ba chóir do scrúdaitheoirí tagairt a dhéanamh don treoir thíos atá níos mionsonraithe:

**Leibhéal 1 (Bunúsach):** Ní dhéanann an t-iarrthóir ach rogha agus úsáid theoranta d'fhoirm agus de stíl chuí scríbhneoireachta. Is féidir go bhfuil easpa soiléireachta agus léirchruinnis ag baint le heagrú an ábhair. Is beag úsáid a bhaintear as sainstór focal. Is féidir nach bhfuil an chiall soiléir mar gheall ar chur i láthair, litriú, poncaíocht agus gramadach.

**Leibhéal 2 (Sásúil):** Déanann an t-iarrthóir rogha agus úsáid réasúnta as foirm agus stíl chuí scríbhneoireachta. Tá ábhar ábhartha eagraithe le roinnt soiléireachta agus léirchruinnis. Baintear roinnt úsáid as sainstór cuí focal. Tá cur i láthair, litriú, poncaíocht agus gramadach maith go leor leis an chiall a dhéanamh soiléir.

**Leibhéal 3 (Inniúil):** Roghnaíonn agus úsáideann an t-iarrthóir an fhoirm agus an stíl is cuí scríbhneoireacht. Tá ábhar ábhartha eagraithe le hardchéim soiléireachta agus léirchruinnis. Baintear úsáid fhorleathan chruinn as sainstór cuí focal. Tá ardchaighdeán cur i láthair, litrithe, poncaíochta agus gramadaí in úsáid leis an chiall a dhéanamh soiléir.

# LEATHANACH BÁN

Rewarding Learning

General Certificate of Secondary Education
2018

# Sláinte agus Cúram Sóisialta

Aonad 1:

Forbairt, Sláinte agus Folláine Phearsanta

**[CÓD]**

**SAMPLA**

# SCÉIM MHARCÁLA

**MARCANNA AR FÁIL**

**1** **(a)** **(i)** Tá Marc agus Póilín sa chéim bheatha ar a dtugtar meánaosacht atá ó ____ go ____ bliain. (CM1)

40 to 64 (2 × [1]) [2]

**(ii)** Scríobh na **ceithre** chéim bheatha atá curtha díbh ag Marc agus Póilín cheana. (CM1, CM2)

- naíonacht
- aois an pháiste
- ógántacht
- luath-aosacht (4 × [1]) [4]

**(b)** **(i)** Scríobh an cineál caidrimh atá idir Marc agus Póilín. (CM1)

dlúth/gnéasach (1 × [1]) [1]

**(ii)** Tá dea-chaidreamh idir Marc agus Póilín agus baineann siad sult as am a chaitheamh le chéile.

Mínigh **dhá** bhealach ar féidir leis seo tionchar dearfach a imirt ar fhorbairt mhothúchánach Mharc. (CM1, CM2, CM3).

Samplaí de phointí fóirsteanacha le míniú:

- foinse tacaíocht mhothúchánach mar go mbeidh Marc ábalta ábhair bhuartha, imní agus fadhbanna a roinnt le Póilín agus beidh sise in ann é a chur ar a shuaimhneas, agus tacaíocht agus comhairle a thabhairt dó
- mothóidh Marc go bhfuil grá ag duine dó agus go bhfuil meas agus gean ag an duine sin air
- mothóidh Marc muintearas mar go bhfuil caidreamh láidir aige le Póilín
- beidh féinchoincheap dearfach ag Marc mar go mothóidh sé go bhfuil meas air/go bhfuil sé muiníneach agus go bhfuil ard-féinmheas aige.

Bronnfar creidiúint ar gach freagairt bhailí eile

[1] míniú bunúsach
[2] míniú inniúil (2 × [2]) [4]

**(c)** Cuir síos ar an fhorbairt **fhisiceach** a thiocfadh ar Phóilín, dar leat, ina céim bheatha reatha. (CM1, CM2)

Samplaí de phointí fóirsteanacha don chur síos:

- comharthaí dul in aois fós ann mar shampla, roic agus gruaig liath
- beidh meath ar radharc na súl
- ní bheidh córais choirp chomh héifeachtúil céanna
- tiocfaidh an t-athrú saoil ar Phóilín/beidh deireadh le míostrú/ní bheidh sí in ann bheith ag iompar clainne níos mó

Bronnfar creidiúint ar gach freagairt bhailí eile

[1] cur síos bunúsach
[2] cur síos sásúil
[3] cur síos inniúil
(pointe amháin mionsonraithe nó dhá phointe nó níos mó nach bhfuil chomh mionsonraithe céanna) (1 × [3]) [3]

MARCANNA AR FÁIL

**(d) (i)** Úsáid na ceannteidil seo a leanas agus déan measúnú ar an dóigh a rachadh iomarcaíocht i bhfeidhm ar fhorbairt phearsanta Phóilín. (CM1, CM2, CM3)
Samplaí de fhreagairtí fóirsteanacha:

Éifeacht ar fhorbairt intleachtúil
- is féidir go bhfaighidh Póilín post nua agus go bhforbróidh sí scileanna breise
- is féidir go ndéanfaidh Póilín atraenáil le cur lena deiseanna fostaíochta agus le scileanna nua a fhorbairt
- is féidir go mbeidh níos mó ama ag Póilín tabhairt faoi chaithimh aimsire/suimeanna nua agus scileanna nua a fhorbairt
- is féidir go gcronóidh Póilín an spreagadh a bhaineann le hobair
- caillfidh Póilín amach ar an deis tabhairt faoi oiliúint bhreise nó scileanna nua a fhorbairt san obair
- beidh níos lú ioncaim ag Póilín agus is féidir nach mbeidh sé ar a hacmhainn páirt a ghlacadh i ngníomhaíochtaí a chuirfeadh lena forbairt intleachtúil, mar shampla caithimh aimsire, taisteal nó ranganna oíche

Bronnfar creidiúint ar gach freagairt bhailí eile

[1] measúnú bunúsach
[2] measúnú sásúil
[3] measúnú inniúil
(pointe amháin mionsonraithe nó dhá phointe nó níos mó nach bhfuil chomh mionsonraithe céanna) (1 × [3]) [3]

Éifeacht ar fhorbairt mhothúchánach
- is féidir go mbreathnóidh Póilín ar iomarcaíocht mar dhúshlán agus go mbeidh sí ag dúil lena gairm a fhorbairt, a féinmheas a mhéadú
- is féidir go mbeidh níos lú den strus a bhaineann le hobair ar Phóilín
- is féidir go mothóidh Póilín gur theip uirthi nach raibh sí, b'fhéidir, inniúil go leor ag a post le go gcoinneofaí í
- is féidir go mothóidh Póilín nach bhfuil aon chuspóir lena saol mar nach mbeidh sí ag obair níos mó
- is féidir go mbeidh strus agus imní ar Phóilín mar gur chaill sí a hioncam
- is féidir go mothóidh Póilín go bhfuiltear á meas faoina luach
- is féidir go gcaillfidh Póilín a muinín agus go mbeidh féinmheas íseal agus féinchoincheap diúltach aici dá bharr

Bronnfar creidiúint ar gach freagairt bhailí eile

MARCANNA AR FÁIL

[1] measúnú bunúsach
[2] measúnú sásúil
[3] measúnú inniúil
(pointe amháin mionsonraithe nó dhá phointe nó níos mó nach bhfuil chomh mionsonraithe céanna) (1 × [3]) [3]

Éifeacht ar fhorbairt shóisialta

- beidh níos mó ama ag Póilín páirt a ghlacadh in imeachtaí sóisialta lena páirtí
- beidh níos mó ama ag Póilín páirt a ghlacadh i gcaithimh aimsire/gníomhaíochtaí lena cairde
- is féidir go ndéanfaidh Póilín cairdeas nua le daoine eile nuair a thugann sí faoi chaithimh aimsire agus gníomhaíochtaí
- beidh níos lú ioncaim ag Póilín agus níos lú airgid dá bharr le dul amach le cairde nó le dul ar saoire
- is féidir go gcaillfidh Póilín teagmháil le cairde ón obair
- beidh níos lú deiseanna ag Póilín páirt a ghlacadh i ngníomhaíochtaí sóisialta a bhaineann le hobair
- is féidir go gcronóidh Póilín an caidreamh/na hidirghníomhaíochtaí sóisialta leis an phobal a théann chuig an leabharlann

Bronnfar creidiúint ar gach freagairt bhailí eile

[1] measúnú bunúsach
[2] measúnú sásúil
[3] measúnú inniúil
(pointe amháin mionsonraithe nó dhá phointe nó níos mó nach bhfuil chomh mionsonraithe céanna) (1 × [3]) [3]

**(ii)** Cuir síos ar an dóigh a bhféadfadh eagraíocht ón earnáil dheonach cuidiú le Póilín déileáil le héifeachtaí na hiomarcaíochta. (CM1, CM2).

Samplaí de phointí fóirsteanacha don chur síos:

- comhairle a sholáthar do Phóilín ar chúrsaí airgeadais, mar shampla, teidlíocht sochair agus íocaíocht iomarcaíochta
- cuidiú praiticiúil a sholáthar do Phóilín, mar shampla cuidiú léi foirmeacha faoi choinne sochar a chomhlánú
- faisnéis a sholáthar do Phóilín, mar shampla bileoga maidir le cearta iomarcaíochta agus tréimhse fógra
- tacaíocht mhothúchánach a sholáthar do Phóilín, mar shampla éisteacht lena hábhair imní agus a buarthaí

Bronnfar creidiúint ar gach freagairt bhailí eile

[1] cur síos bunúsach
[2] cur síos sásúil
[3] cur síos inniúil
(pointe amháin mionsonraithe nó dhá phointe nó níos mó nach bhfuil chomh mionsonraithe céanna) (1 × [3]) [3]

**(e)** Úsáid na ceannteidil seo a leanas agus déan cur síos ar an dóigh a rachadh guaiseanna ceirde i bhfeidhm ar shláinte agus ar fholláine Mharc. (CM1, CM2)

MARCANNA AR FÁIL

Samplaí de phointí fóirsteanacha don chur síos:

Éifeacht ar shláinte agus ar **fholláine** fhisiceach Mharc
- is féidir go mbainfidh gortuithe do Mharc mar gheall ar an bhaol go mbainfeadh taismí tráchta dó nó go ndéanfadh custaiméirí ionsaí air
- is féidir go n-éireoidh Marc an-tuirseach nó traochta amach mar gheall ar bheith ag obair uaireanta agus sealanna fada
- Is féidir go n-éiroidh Marc róthrom mar go bhfuil post suiteach aige agus is féidir go mbeidh réim neamhchothrom bia aige mar gheall ar bheith ag obair sealanna agus uaireanta fada
- is féidir go n-éireoidh Marc neamhaclaí mar gheall ar a phost suiteach agus ar easpa deiseanna aclaíochta

Bronnfar creidiúint ar gach freagairt bhailí eile

[1] cur síos bunúsach
[2] cur síos sásúil
[3] cur síos inniúil
(pointe amháin mionsonraithe nó dhá phointe nó níos mó nach bhfuil chomh mionsonraithe céanna) (1 × [3]) [3]

Éifeacht ar shláinte agus ar fholláine **shóisialta** Mharc
- is féidir go mbeidh níos lú deiseanna ag Marc bheith páirteach i ngníomhaíochtaí sóisialta mar go n-oibríonn sé uaireanta fada
- is féidir go gcaillfidh Marc teagmháil lena chairde mura bhfuil sé ábalta dul amach leo mar gheall ar a shealobair agus a uaireanta fada
- is féidir nach mbeidh Marc ábalta bheith páirteach i ngníomhaíochtaí sóisialta le Póilín mar gheall air a bheith ag obair uaireanta agus sealanna fada nó is féidir go mbeidh sé róthuirseach le dul amach

Bronnfar creidiúint ar gach freagairt bhailí eile

[1] cur síos bunúsach
[2] cur síos sásúil
[3] cur síos inniúil
(pointe amháin mionsonraithe nó dhá phointe nó níos mó nach bhfuil chomh mionsonraithe céanna) (1 × [3]) [3] 32

**2** **(a)** Liostaigh **trí** shampla d'fhorbairt mothúchánach Marta ina céim bheatha reatha. (CM1)

MARCANNA AR FÁIL

Samplaí de phointí fóirsteanacha le liostú:

- guagacht giúmair/thuas seal, thíos seal
- ag éirí feargach go tobann
- is féidir go mothóidh sí mímhuiníneach
- easpa muiníne
- féinmheas íseal
- ag mothú níos neamhspleáiche
- mothúcháin láidre i gcaidrimh
- ag mothú strus mar gheall, mar shampla, ar scrúduithe nó fadhbanna caidrimh
- is féidir go mbainfidh sí triail as féiniúlachtaí éagsúla

Bronnfar creidiúint ar gach freagairt bhailí eile

(3 × [1]) [3]

**(b)** Cuir síos ar an dóigh a rachadh na tosca seo a leanas i bhfeidhm **go dearfach** ar fhéinchoincheap Marta. (CM1, CM2, CM3)
Samplaí de phointí fóirsteanacha don chur síos:

Cuma
- is féidir go mbeidh Marta sásta lena cuma, féin-íomhá dhearfach a bheith aici
- is féidir go mothóidh Marta go bhfuil sí tarraingteach/go mothóidh sí dearfach faoin chuma atá uirthi
- is féidir go mbeidh níos mó muiníne ag Marta aisti féin agus go mbeidh féinmheas ard aici dá bharr

Bronnfar creidiúint ar gach freagairt bhailí eile

[1] cur síos bunúsach
[2] cur síos sásúil
[3] cur síos inniúil
(pointe amháin mionsonraithe nó dhá phointe nó níos mó nach bhfuil chomh mionsonraithe céanna) (1 × [3]) [3]

Cultúr/eitneacht
- is féidir go mbeidh Marta mórtasach/bródúil as a cultúr
- is féidir go mothóidh Marta muintearas/go bhfuil sí mar bhall de ghrúpa a bhfuil na tuairimí céanna acu/ag glacadh páirt in ócáidí ceiliúrtha
- is féidir go mothóidh Marta go bhfuil meas uirthi agus go mbeidh muinín agus féinmheas ard aici dá bharr

Bronnfar creidiúint ar gach freagairt bhailí eile

[1] cur síos bunúsach
[2] cur síos sásúil

MARCANNA AR FÁIL

[3] cur síos inniúil
(pointe amháin mionsonraithe nó dhá phointe nó níos mó nach bhfuil chomh mionsonraithe céanna) (1 × [3]) [3]

Oideachas
- is féidir go mothóidh Marta sásta/go bhfuil rud éigin curtha i gcrích aici/bródúil
- is féidir go mothóidh Marta muiníneach, níos eolaí agus níos rathúla i ndiaidh di rud éigin dearfach a bhaint amach san oideachas

Bronnfar creidiúint ar gach freagairt bhailí eile

[1] cur síos bunúsach
[2] cur síos sásúil
[3] cur síos inniúil
(pointe amháin mionsonraithe nó dhá phointe nó níos mó nach bhfuil chomh mionsonraithe céanna) (1 × [3]) [3]

**(c)** Déan anailís ar an dóigh a rachadh caitheamh tobac i bhfeidhm ar shláinte **fhisiceach, mhothúchánach** agus **shóisialta** an duine. (CM1, CM2, CM3)

Samplaí de fhreagairtí fóirsteanacha:

Sláinte agus folláine fhisiceach
- méadaíonn an riosca ailsí mar shampla ailse scamhóg, larainge, bhéil agus scornaí, galar drandail, galair riospráide amhail broincíteas agus galar scamhóige toirmeascach ainsealach *(COPD)*
- ardaíonn sé brú fola dá dtarlaíonn stróc. Mar gheall ar cheimiceáin sa toit éiríonn fuileadáin ata agus lasta dá dtarlaíonn artairí cruaite atá ina gcúis le galar croí

Sláinte agus folláine mhothúchánach
- ag mothú ciontach, mar shampla ag déanamh dochar dá shláinte féin agus do shláinte daoine eile, ag cur airgead amú a bheadh de dhíth ar an teaghlach, féinmheas íseal

Sláinte agus folláine shóisialta
- is féidir nach mbeidh sé ar a acmhainn dul ar saoire/amach le cairde/teaghlach mar gheall ar chostas caitheamh tobac
- is féidir nach rachaidh sé chuig an phictiúrlann ná chuig imeachtaí sóisialta eile cionn is go bhfuil cosc ar thobac san áitreabh

Bronnfar creidiúint ar gach freagairt bhailí eile

Bronntar [0] ar fhreagairt nach fiú creidiúint í.

**Leibhéal 1 [1]–[3])**
Imprisean ginearálta: bunúsach

- eolas agus tuiscint theoranta ar an dóigh a rachadh caitheamh tobac i bhfeidhm ar shláinte agus ar fholláine fhisiceach, mhothúchánach agus shóisialta an duine
- léiríonn sé cumas teoranta ar an dóigh le heolas agus tuiscint chuí a chur i bhfeidhm ar an cheist
- léiríonn sé cumas teoranta le hanailís a dhéanamh ar an dóigh a rachadh caitheamh tobac i bhfeidhm ar shláinte agus ar fholláine fhisiceach, mhothúchánach agus shóisialta an duine
- is féidir go liostálfaidh siad roinnt bealaí a rachadh caitheamh tobac i bhfeidhm ar shláinte agus ar fholláine fhisiceach agus shóisialta an duine
- tá caighdeán na cumarsáide scríofa bunúsach. Ní dhéanann an t-iarrthóir ach rogha agus úsáid theoranta as foirm agus stíl chuí scríbhneoireachta. Is féidir go bhfuil easpa soiléireachta agus léirchruinnis ag baint le heagrú an ábhair. Is beag úsáid a bhaintear as sainstór focal. Is féidir nach bhfuil an chiall soiléir mar gheall ar chur i láthair, litriú, poncaíocht agus gramadach.

**Leibhéal 2 ([4]–[6])**
Imprisean ginearálta: sásúil

- eolas agus tuiscint shásúil ar an dóigh a rachadh caitheamh tobac i bhfeidhm ar shláinte agus ar fholláine fhisiceach, mhothúchánach agus shóisialta an duine
- léiríonn sé cumas sásúil ar an dóigh le heolas agus tuiscint chuí a chur i bhfeidhm ar an cheist
- léiríonn sé cumas sásúil le hanailís a dhéanamh ar an dóigh a rachadh caitheamh tobac i bhfeidhm ar shláinte agus ar fholláine fhisiceach, mhothúchánach agus shóisialta an duine
- is gá anailís a dhéanamh ar dhá ghné leis an leibhéal seo a bhaint amach
- is féidir go ndéanfar anailís níos mionsonraithe ar ghnéithe áirithe ná a chéile
- tá caighdeán na cumarsáide scríofa sásúil. Déanann an t-iarrthóir rogha agus úsáid réasúnta as foirm agus stíl chuí scríbhneoireachta. Tá ábhar ábhartha eagraithe le roinnt soiléireachta agus léirchruinnis. Baintear roinnt úsáid as sainstór cuí focal. Tá cur i láthair, litriú, poncaíocht agus gramadach maith go leor leis an chiall a dhéanamh soiléir.

**Leibhéal 3 ([7]–[9])**
Imprisean ginearálta: inniúil

- eolas agus tuiscint inniúil ar an dóigh a rachadh caitheamh tobac i bhfeidhm ar shláinte agus ar fholláine fhisiceach, mhothúchánach agus shóisialta an duine
- léiríonn sé cumas inniúil ar an dóigh le heolas agus tuiscint chuí a chur i bhfeidhm ar an cheist
- léiríonn sé cumas inniúil le hanailís a dhéanamh ar an dóigh a rachadh caitheamh tobac i bhfeidhm ar na trí ghné ar fad (fisiceach, mothúchánach agus sóisialta) a bhaineann le sláinte agus folláine an duine

**MARCANNA AR FÁIL**

- tá caighdeán na cumarsáide scríofa inniúil. Roghnaíonn agus úsáideann an t-iarrthóir an fhoirm agus an stíl is cuí scríbhneoireacht. Tá ábhar ábhartha eagraithe le hardchéim soiléireachta agus léirchruinnis. Baintear úsáid fhorleathan chruinn as sainstór cuí focal. Tá ardchaighdeán cur i láthair, litrithe, poncaíochta agus gramadaí in úsáid leis an chiall a dhéanamh soiléir. [9]

**(d)** Úsáid na ceannteidil seo a leanas agus cuir síos ar an éifeacht **dhiúltach** a bheadh ag inimirce ar fhorbairt Olga. (CM1, CM2, CM3)
Samplaí de phointí fóirsteanacha don chur síos:

Forbairt mhothúchánach
- is féidir go mothóidh Olga imní/mímhuiníneach/neirbhíseach
- is féidir go mothóidh Olga ina haonar/uaigneas/cumha
- is féidir go gcronóidh Olga a teaghlach agus a cairde thiar ag baile

Bronnfar creidiúint ar gach freagairt bhailí eile

[1] cur síos bunúsach
[2] cur síos sásúil
[3] cur síos inniúil
(pointe amháin mionsonraithe nó dhá phointe nó níos mó nach bhfuil chomh mionsonraithe céanna) (1 × [3]) [3]

Forbairt shóisialta
- is féidir go gcaillfidh Olga teagmháil lena cairde sa Pholainn
- is féidir go mbeidh deacrachtaí ag Olga cairde nua a dhéanamh
- is féidir nach mbeidh deiseanna ag Olga páirt a ghlacadh i ngníomhaíochtaí sóisialta.

Bronnfar creidiúint ar gach freagairt bhailí eile

[1] cur síos bunúsach
[2] cur síos sásúil
[3] cur síos inniúil
(pointe amháin mionsonraithe nó dhá phointe nó níos mó nach bhfuil chomh mionsonraithe céanna) (1 × [3]) [3]

**(e)** Mínigh an dóigh a bhféadfadh cairde Olga cuidiú léi déileáil leis an athrú saoil seo agus na ceannteidil seo a leanas in úsáid agat. (CM1, CM2)
Samplaí de phointí fóirsteanacha le míniú:

Tacaíocht mhothúchánach
- Is féidir le cairde Olga cuidiú léi déileáil má gheallann siad go gcoinneoidh siad i dteagmháil léi. Is féidir é seo a dhéanamh, mar shampla, de théacs, de ríomhphost, de fón nó FaceTime a dhéanamh
- Is féidir gur chuidigh cairde Olga léi déileáil trí éisteacht lena hábhair imní agus a buarthaí faoi aistriú chuig tír nua agus í a chur ar a suaimhneas trí iarracht a dhéanamh na mothúcháin a

bheadh aici a thuiscint agus cuidiú léi an ceann is fearr a fháil ar a heagla

MARCANNA AR FÁIL

Bronnfar creidiúint ar gach freagairt bhailí eile

[1] míniú bunúsach
[2] míniú inniúil (1 × [2]) [2]

Cuidiú praiticiúil

- Is féidir gur chuidigh cairde Olga léi déileáil trí chuidiú léi rudaí a thabharfadh sí léi a roghnú agus a phacáil, mar shampla réada riachtanacha amhail teastas breithe, pas, taifid sláinte, éadaí fóirsteanacha agus earraí maoithneacha amhail grianghraif teaghlaigh
- Is féidir gur chuidigh cairde Olga léi déileáil trí chuidiú léi foirmeacha a chomhlánú, mar shampla foirmeacha inimirce riachtanacha nó foirmeacha iarratais ar phost
- Is féidir gur chuidigh cairde Olga léi déileáil trí iompar a sholáthar, mar shampla í féin agus a teaghlach a thabhairt chuig an aerfort
- Is féidir gur chuidigh cairde Olga léi déileáil trí shonraí teagmhála a thabhairt di de chairde atá acu i dTuaisceart Éireann a bheadh in ann cóiríocht shealadach agus comhairle a sholáthar di

Bronnfar creidiúint ar gach freagairt bhailí eile

[1] míniú bunúsach
[2] ] míniú inniúil (1 × [2]) [2]

Comhairle

- Is féidir gur chuidigh cairde Olga léi déileáil trí bhealaí a bhféadfadh sí í féin a choinneáil sábháilte a mholadh di, mar shampla a bheith cúramach faoi na daoine a ndéanann sí cairdeas leo
- Is féidir gur chuidigh cairde Olga léi déileáil trína spreagadh teagmháil a choinneáil leis an teaghlach agus cairde sa Pholainn
- Is féidir gur chuidigh cairde Olga léi déileáil trí chomhairle a thairiscint maidir le post a lorg, mar shampla CV a scríobh nó an Malartán Fostaíochta áitiúil a úsáid
- Is féidir gur chuidigh cairde Olga léi déileáil trína spreagadh clárú le grúpaí nó eagraíochtaí, mar shampla grúpaí pobail, deonacha nó leis an eaglais le haithne a chur ar dhaoine

Bronnfar creidiúint ar gach freagairt bhailí eile

[1] míniú bunúsach
[2] míniú inniúil (1 × [2]) [2] 33

**3 (a)** Mínigh **trí** dhóigh a bhforbródh Emma agus Jamie, dar leat, **go hintleachtúil** le linn a gcéim bheatha reatha (CM1, CM2)

Samplaí de phointí fóirsteanacha le míniú:

- tá forbairt teanga ag leanúint ar aghaidh mar shampla stór focal nua a fhoghlaim agus abairtí casta a chumadh

MARCANNA AR FÁIL

- forbairt ar scileanna léitheoireachta, mar shampla ó fhónaic a fhoghlaim go focail choitianta a aithint agus ó leabhair shimplí le pictiúir a léamh go habairtí agus leabhair ghearra gan phictiúir a léamh
- forbairt ar scileanna scríbhneoireachta, mar shampla ó mharcanna a dhéanamh go dtí a n-ainm a scríobh agus ó abairtí simplí a scríobh go habairtí casta a scríobh agus paragraif a chumadh; éiríonn an scríbhneoireacht níos lú agus ceangailte
- forbairt ar scileanna líníochta, mar shampla ó chruthanna móra ar bheagán foirme go pictiúir so-aitheanta i gcomhréir a tharraingt agus meáin éagsúla in úsáid
- forbairt ar uimhreacha a thuiscint, mar shampla déanann siad dul chun cinn sa chomhaireamh agus ina scileanna matamaiticiúla ó shuimiú go dealú agus iolrú agus roinnt; forbairt ar choincheapa tomhais mar shampla fad, meáchan agus toilleadh
- forbairt ar thuiscint mhorálta ar cheart agus éigeart mar shampla tuiscint ar cad é is bréag ann agus ag dul chun cinn ó thuairimí dubha agus bána ar cheart agus éigeart go breithiúnais níos caolchúisí
- forbairt ar aird, mar shampla ó achar airde gearr go tréimhse níos faide ama ag obair leo féin
- forbairt ar scileanna fadhbréitigh, mar shampla is féidir leo loighic a úsáid le fadhbanna a réiteach
- foghlaimíonn siad raon de scileanna nua, mar shampla, cuardaigh agus puzail focail a chríochnú, ríomhaire nó táibléad a úsáid nó gléas ceoil a sheinm
- forbairt fós ar an chuimhne mar shampla tá siad ábalta méideanna níos mó d'fhaisnéis níos casta a thabhairt chun cuimhne

Bronnfar creidiúint ar gach freagairt bhailí eile

[1] míniú bunúsach
[2] míniú inniúil (3 × [2]) [6]

**(b)** Cuir síos ar an dóigh a bhféadfadh tosú ar scoil éifeacht **dhearfach** a bheith aige ar fhorbairt shóisialta Jamie.(CM2, CM3)

Samplaí de phointí fóirsteanacha don chur síos:

- deis le cairde nua a dhéanamh, mar shampla le piaraí ina rang
- forbraíonn sé caidrimh le daoine eile, mar shampla le múinteoirí, cúntóirí ranga agus daltaí eile
- forbraíonn sé scileanna sóisialta, mar shampla trí chomhroinnt agus comhoibriú, trí chluichí a imirt agus trí ghníomhaíochtaí grúpa
- deiseanna le páirt a ghlacadh i ngníomhaíochtaí sóisialta, mar shampla turais agus drámaí scoile

Tabharfar creidiúint do phointí bailí ar bith eile

[1] cur síos bunúsach

[2] cur síos sásúil
[3] cur síos inniúil
(pointe amháin mionsonraithe nó dhá phointe nó níos mó nach bhfuil chomh mionsonraithe céanna) (1 x [3]) [3]

**(c)** Comhlánaigh an tábla thíos leis na cineálacha caidrimh atá ag Emma a thaispeáint. (CM2)

- teaghlach
- ag obair (2 × [1]) [2]

**(d)** Déan anailís ar na patrúin forbartha **fhisiceacha**, **intleachtúla** agus **mhothúchánacha** lena mbeifí ag súil le linn naíonachta.(CM1, CM2, CM3)

(e) Samplaí de fhreagairtí fóirsteanacha:

Forbairt fhisiceach

- Fás: is tréimhse mhearfháis í an chéad bhliain saoil ina dhúblálann naíonáin a meánmheáchan breithe de 3.3 kg faoi 6 mhí agus méadaíonn faoi thrí é faoi aois a haon. Ag 3 bliana is é 14 kg an meánmheáchan. Is é 51 cm an meánfhad ag an bhreith, méadaíonn seo go gasta go 94 cm ar airde faoi 3 bliana d'aois. Tagann diúlfhiacla den chéad uair ag 6 mhí nó mar sin agus faoi aois 2-3 bliana bíonn déad iomlán fiacla de 20 fiacail ag mórchuid na bpáistí.
- Scileanna mórluaile: ag an bhreith bíonn bun-fhrithluailí ag an naíonán mar shampla diúl agus greamú. Faoi aois 3 mhí is féidir leo a gcosa a chiceáil go bríomhar, faoi 6 mhí is féidir leo suí aniar le tacaíocht agus rolladh thart, faoi 9 mí is féidir leo suí le tacaíocht, lámhacán agus na cosa a scuabáil. Ansin, bíonn siad ábalta seasamh leo féin, siúl agus greim acu ar rud éigin agus faoi 12–18 is féidir lena mbunús siúl leo féin. Leantar den fhorbairt nuair is féidir leo siúl síos staighre agus iad ar ghreim láimhe agus ina dhiaidh sin ag rolladh agus ag caitheamh liathróide faoi 18 mí. Leantar den fhorbairt nuair is féidir leo siúl síos staighre agus an dá chos ar chéim amháin, ag dreapadh in airde ar throscán agus ag ciceáil liathróide go muiníneach. Faoi aois 3 bliana is féidir le naíonáin siúl ar na barraicíní agus dul ag rothaíocht ar thrírothach.
- Scileanna mínluaile: cuireann an naíonán an fhrithluail ghreamaitheach in oiriúint faoi 4 mhí le bheith in ann gligín a choinneáil, faoi 6 mhí is féidir leo réad a chur ó lámh go céile, forbraítear an greim pionsúir agus is féidir leis an naíonán réada beaga a thógáil leis an mhéar láir agus an ordóg in úsáid faoi 9 mí, faoi 12 mí tá greim pionsúir maith forbartha ag an naíonán agus is féidir leo réada a thógáil den urlár nó ciúbanna a chliceáil le chéile, faoi 18 mí is féidir le naíonán crián a choinneáil agus scriobláil agus faoi 24 mí tarraingíonn siad ciorcail agus poncanna agus is féidir leo túr 6 bhríce a thógáil, faoi 36 mí is féidir leis an naíonán leathanaigh i leabhar a thiontú, aghaidh a tharraingt agus coirníní móra a chur ar shnáithe.

MARCANNA AR FÁIL

Forbairt Intleachtúil

- Teanga agus stór focal: déanann an naíonán fuaimeanna nuair a labhraítear leo agus déanann fuaimeanna neamhchaointeacha amhail plobaireacht agus gliogaireacht faoi 1 mhí, faoi 6 mhí bíonn an naíonán ag lapaireacht agus úsáideann aonsiollaigh amhail 'ga ga', agus tuigeann siad bríonna focal amhail 'mama' agus 'dada', faoi 12 mhí deir an naíonán roinnt focal inaitheanta agus tuigeann níos mó focal, faoi 18 mí úsáideann an naíonán 40 focal inaitheanta agus úsáideann holafrásaí, faoi 24 mí is féidir leis an naíonán os cionn 200 a rá agus tá siad i ndiaidh focail nua a shealbhú go gasta, úsáideann urlabhra theileagrafach, faoi 36 mí is féidir leis an naíonán labhairt in abairtí agus comhrá simplí a dhéanamh.
- Cognaíocht: faoi 1 mhí aithníonn an naíonán a gcúramóir príomhúil, faoi 3 mhí cuireann an naíonán spéis ina dtimpeallacht, faoi 6 mhí tuigeann réada agus tá a fhios acu cad leis le bheith ag súil uathu, faoi 9 mí tá buaine réada forbartha acu, faoi 15 mhí tuigeann ainmneacha na mball beatha éagsúil agus is féidir leo pictiúir de roinnt réad ainmnithe a aithint, faoi 24 mí tá tús tuisceana acu ar iarmhairtí a ngníomhaíochtaí féin agus gníomhaíochtaí daoine eile agus is féidir leo treoracha simplí a leanúint, faoi 36 mí is féidir leo bundathanna a mheaitseáil agus tá tús tuisceana acu ar am, bíonn siad faoi iontas ag cúis agus éifeacht agus is féidir leo réada a shórtáil i gcatagóirí simplí.

Forbairt mhothúchánach

- Nascadh: creidtear go mbunaíonn an leanbh óg nasc leis an phríomhchúramóir ach gur maith leo fosta barróg agus aire ó dhaoine eile agus is féidir leo gean a léiriú.
- Ceangal: faoi 6 mhí nó mar sin forbróidh an naíonán eagla roimh strainséirí agus ciapadh scartha a léiríonn go bhfuil ceangal á fhorbairt, faoi 8 mí léiríonn bunús na naíonán cuid mhór ceangal, faoi 12 mhí ní bhíonn oiread eagla ar bhunús na naíonán roimh strainséirí.
- Neamhspleáchas: forbraítear é seo le linn naíonachta de réir mar a éiríonn an naíonán níos muiníní i mbun rudaí a dhéanamh dóibh féin agus leo féin mar shampla cothú.
- Smacht ar mhothúcháin: forbraíonn smacht ar mhothúcháin le linn na céime seo mar shampla ag 24 mí nó mar sin léiríonn naíonáin iompraíochtaí diúltacha, mar shampla rachtanna feirge mar gheall ar fhrustrachas, mar nach féidir leo iad féin a chur in iúl ar bhealaí eile.
- Faoi aois 36 mí bíonn níos mó smachta acu ar a mothúcháin.

Bronnfar creidiúint ar gach freagairt bhailí eile

Bronntar [0] ar fhreagairt nach fiú creidiúint í.

**Leibhéal 1 ([1]–[4])**

Imrisean ginearálta: bunúsach

- eolas agus tuiscint theoranta ar fhorbairt fhisiceach, intleachtúil agus mothúchánach le linn naíonachta
- léiríonn sé cumas teoranta ar an dóigh le heolas agus tuiscint

MARCANNA AR FÁIL

chuí a chur i bhfeidhm ar an cheist
- léiríonn sé cumas teoranta le hanailís a dhéanamh ar na patrúin forbartha fhisiceacha, intleachtúla agus mhothúchánacha lena mbeifí ag súil le linn naíonachta
- is féidir go liostálfaidh siad samplaí
- tá caighdeán na cumarsáide scríofa bunúsach. Ní dhéanann an t-iarrthóir ach rogha agus úsáid theoranta as foirm agus stíl chuí scríbhneoireachta. Is féidir go bhfuil easpa soiléireachta agus léirchruinnis ag baint le heagrú an ábhair. Is beag úsáid a bhaintear as sainstór focal. Is féidir nach bhfuil an chiall soiléir mar gheall ar chur i láthair, litriú, poncaíocht agus gramadach.

**Leibhéal 2 ([5]–[8])**
Imprisean ginearálta: sásúil
- eolas agus tuiscint shásúil ar fhorbairt fhisiceach, intleachtúil agus mothúchánach le linn naíonachta
- léiríonn sé cumas sásúil ar an dóigh le heolas agus tuiscint chuí a chur i bhfeidhm ar an cheist
- léiríonn sé cumas sásúil le hanailís a dhéanamh ar na patrúin forbartha fhisiceacha, intleachtúla agus mhothúchánacha lena mbeifí ag súil le linn naíonachta
- is gá anailís a dhéanamh ar dhá chineál forbartha éagsúla ar a laghad leis an leibhéal seo a bhaint amach
- is féidir go ndéanfar anailís níos mionsonraithe ar ghnéithe áirithe ná a chéile
- tá caighdeán na cumarsáide scríofa sásúil. Déanann an t-iarrthóir rogha agus úsáid réasúnta as foirm agus stíl chuí scríbhneoireachta. Tá ábhar ábhartha eagraithe le roinnt soiléireachta agus léirchruinnis. Baintear roinnt úsáid as sainstór cuí focal. Tá cur i láthair, litriú, poncaíocht agus gramadach maith go leor leis an chiall a dhéanamh soiléir.

**Leibhéal 3 ([9]–[12])**
Imprisean ginearálta: inniúil
- eolas agus tuiscint inniúil ar fhorbairt fhisiceach, intleachtúil agus mothúchánach le linn naíonachta
- léiríonn sé cumas inniúil ar an dóigh le heolas agus tuiscint chuí a chur i bhfeidhm ar an cheist
- léiríonn sé cumas maith le hanailís a dhéanamh ar na patrúin forbartha fhisiceacha, intleachtúla agus mhothúchánacha lena mbeifí ag súil le linn naíonachta
- tá caighdeán na cumarsáide scríofa inniúil. Roghnaíonn agus úsáideann an t-iarrthóir an fhoirm agus an stíl is cuí scríbhneoireacht. Tá ábhar ábhartha eagraithe le hardchéim soiléireachta agus léirchruinnis. Baintear úsáid fhorleathan chruinn as sainstór cuí focal. Tá ardchaighdeán cur i láthair, litrithe, poncaíochta agus gramadaí in úsáid leis an chiall a dhéanamh soiléir.

[12]

**(e)** Déan luacháil ar na héifeachtaí a d'fhéadfadh a bheith ag drochíde fhisiceach ar shláinte agus ar fholláine **fhisiceach**, **mhothúchánach** agus **shóisialta** an pháiste. (CM1, CM2, CM3)

MARCANNA AR FÁIL

I dtaca le luacháil de caithfidh iarrthóirí plé a dhéanamh ar an dóigh a bhféadfadh drochíde fhisiceach dul i bhfeidhm ar shláinte agus ar fholláine fhisiceach, mhothúchánach agus shóisialta an pháiste. Caithfidh siad argóintí a chur i láthair agus breithiúnais réasúnacha a dhéanamh ar gach gné sláinte agus folláine a d'fhéadfadh a bheith thíos léi.

Samplaí de fhreagairtí fóirsteanacha:

Sláinte agus folláine fhisiceach

Gortuithe mar shampla: gearrthacha, ballbhrúnna, dónna agus cnámha briste;
ag brath ar mhéid na drochíde; drochfhorbairt fhisiceach mar shampla bheith faoi bhun an ghnáthmheáchain nó gan gnáthchaighdeáin a bhaint amach; patrúin chodlata bhriste nó easuan dá dtarlaíonn tuirse agus san fhadtéarma i gcás roinnt íospartach, dul le hiompraíochtaí amhail caitheamh tobac, mí-úsáid alcóil agus úsáid drugaí mídhleathacha a théann i bhfeidhm ar shláinte fhisiceach.

Sláinte agus folláine mhothúchánach

Ag mothú nach bhfuil grá ag aon duine dó, nach bhfuil aon duine á iarraidh, go bhfuil droim láimhe tugtha dó, tréigthe, gan aon duine le cúram a thabhairt dó; eagla, imní agus strus dá dtarlaíonn dúlagar; fearg a léirítear in iompraíocht dheacair fhoréigneach; cailleann muinín dá dtarlaíonn féinmheas íseal agus féinchoincheap diúltach. Is féidir go mbeidh teacht aniar mhothúchánach ag roinnt páistí agus níos ábalta dá réir déileáil agus teacht chucu féin.

Sláinte agus folláine shóisialta

Droch-chaidrimh le piaraí; deacair acu caidrimh a dhéanamh agus a choinneáil agus easpa cairde dá dtarlaíonn uaigneas agus scoiteacht. Is féidir go mbunóidh roinnt páistí caidreamh le duine fásta eile amhail oibrí sóisialta nó múinteoir agus caidrimh nua a fhorbairt.

Bronnfar creidiúint ar gach freagairt bhailí eile

Bronntar [0] ar fhreagairt nach fiú creidiúint í.

**Leibhéal 1 ([1]–[4])**
Imrisean ginearálta: bunúsach

- eolas agus tuiscint theoranta ar na héifeachtaí a d'fhéadfadh a bheith ag drochíde fhisiceach ar shláinte agus ar fholláine fhisiceach, mhothúchánach agus shóisialta an pháiste
- léiríonn sé cumas teoranta ar an dóigh le heolas agus tuiscint chuí a chur i bhfeidhm ar an cheist
- léiríonn sé cumas teoranta le luacháil a dhéanamh ar na héifeachtaí a d'fhéadfadh a bheith ag drochíde fhisiceach ar

shláinte agus ar fholláine fhisiceach, mhothúchánach agus shóisialta an pháiste
- is féidir go liostálfaidh siad samplaí
- tá caighdeán na cumarsáide scríofa bunúsach. Ní dhéanann an t-iarrthóir ach rogha agus úsáid theoranta as foirm agus stíl chuí scríbhneoireachta. Is féidir go bhfuil easpa soiléireachta agus léirchruinnis ag baint le heagrú an ábhair. Is beag úsáid a bhaintear as sainstór focal. Is féidir nach bhfuil an chiall soiléir mar gheall ar chur i láthair, litriú, poncaíocht agus gramadach.

**Leibhéal 2 ([5]–[8])**
Imprisean ginearálta: sásúil
- eolas agus tuiscint shásúil ar na héifeachtaí a d'fhéadfadh a bheith ag drochíde fhisiceach ar shláinte agus ar fholláine fhisiceach, mhothúchánach agus shóisialta an pháiste
- léiríonn sé cumas sásúil ar an dóigh le heolas agus tuiscint chuí a chur i bhfeidhm ar an cheist
- léiríonn sé cumas sásúil le luacháil a dhéanamh ar na héifeachtaí a d'fhéadfadh a bheith ag drochíde fhisiceach ar shláinte agus ar fholláine fhisiceach, mhothúchánach agus shóisialta an pháiste
- is gá tabhairt faoi dhá ghné ar a laghad a bhaineann le sláinte agus folláine leis an leibhéal seo a bhaint amach
- iarrthóirí nach ndéanann luacháil ach amháin ar dhá ghné, ní thig leo gnóthú os cionn an leibhéil seo.
- is féidir go ndéanfar luacháil níos mionsonraithe ar ghnéithe áirithe ná a chéile
- tá caighdeán na cumarsáide scríofa sásúil. Déanann an t-iarrthóir rogha agus úsáid réasúnta as foirm agus stíl chuí scríbhneoireachta. Tá ábhar ábhartha eagraithe le roinnt soiléireachta agus léirchruinnis. Baintear roinnt úsáid as sainstór cuí focal. Tá cur i láthair, litriú, poncaíocht agus gramadach maith go leor leis an chiall a dhéanamh soiléir.

**Leibhéal 3 ([9]–[12])**
Imprisean ginearálta: inniúil
- eolas agus tuiscint inniúil ar na héifeachtaí a d'fhéadfadh a bheith ag drochíde fhisiceach ar shláinte agus ar fholláine fhisiceach, mhothúchánach agus shóisialta páiste
- léiríonn sé cumas inniúil ar an dóigh le heolas agus tuiscint chuí a chur i bhfeidhm ar an cheist
- léiríonn sé cumas inniúil le luacháil a dhéanamh ar na héifeachtaí a d'fhéadfadh a bheith ag drochíde fhisiceach ar shláinte agus ar fholláine fhisiceach, mhothúchánach agus shóisialta páiste
- tá caighdeán na cumarsáide scríofa inniúil. Roghnaíonn agus úsáideann an t-iarrthóir an fhoirm agus an stíl is cuí scríbhneoireacht. Tá ábhar ábhartha eagraithe le hardchéim soiléireachta agus léirchruinnis. Baintear úsáid fhorleathan chruinn as sainstór cuí focal. Tá ardchaighdeán cur i láthair, litrithe, poncaíochta agus gramadaí in úsáid leis an chiall a dhéanamh soiléir.

[12] 35

**Iomlán** **100**

**MARCANNA AR FÁIL**

Rewarding Learning

General Certificate of Secondary Education
2019

# Sláinte agus Cúram Sóisialta

Aonad 2

Ag Obair sna hEarnálacha Sláinte,
Cúram Sóisialta agus Luathbhlianta

**[CÓD]**

**SAMPLA**

# SCÉIM MHARCÁLA

## Aonad 2: Ag Obair sna hEarnálacha Sláinte, Cúram Sóisialta agus

## Luathbhlianta Tasc Measúnú Rialaithe Critéir Mheasúnaithe

| | Banda Marcála 1 | Raon Marcanna | Banda Marcála 2 | Raon Marcanna | Banda Marcála 3 | Raon Marcanna | Banda Marcála 4 | Raon Marcanna | Marcanna |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| | Imprisean Ginearálta: Bunúsach<br><br>Baintear úsáid measartha cruinn as litriú, poncaíocht agus na rialacha gramadaí ionas go bhfuil an bhrí réasúnta soiléir. Baintear úsáid chuí as raon teoranta saintéarmaíochta. Ag an leibhéal seo, is féidir go mbeidh tacaíocht agus treoir de dhíth ar iarrthóirí leis na rudaí seo a tháirgeadh: | | Imprisean Ginearálta: Sásúil<br><br>Baintear úsáid réasúnta cruinn as litriú, poncaíocht agus na rialacha gramadaí ionas go bhfuil an bhrí réasúnta soiléir. Baintear úsáid shásúil as raon réasúnta saintéarmaíochta. Ag an leibhéal seo, is féidir go mbeidh treoir amháin de dhíth ar iarrthóirí leis na rudaí seo a tháirgeadh: | | Imprisean Ginearálta: Inniúil<br><br>Baintear úsáid an-chruinn as litriú, poncaíocht agus na rialacha gramadaí ionas go bhfuil an bhrí réasúnta soiléir.<br><br>Baintear úsáid chuí as raon maith saintéarmaíochta. Ag an leibhéal seo, is féidir nach mbeidh de dhíth ar iarrthóirí ach beagán treorach leis na nithe seo a tháirgeadh: | | Imprisean Ginearálta: An-Inniúil<br><br>Baintear úsáid as litriú, poncaíocht agus na rialacha gramadaí go cruinn beacht den chuid is mó ionas go bhfuil an bhrí soiléir.<br><br>Baintear úsáid sciliúil bheacht as raon leathan saintéarmaíochta.<br><br>Ag an leibhéal seo, oibríonn iarrthóirí go neamhspleách leis na rudaí seo a tháirgeadh: | | |
| A(i)<br>CM1<br>CM2 | Cur síos lag ar an dóigh a dtéann míchumas i bhfeidhm ar riachtanais fhisiceacha, intleachtúla, mhothúchánacha agus shóisialta an duine roghnaithe | [1]–[4] | Cur síos sásúil ar an dóigh a dtéann míchumas i bhfeidhm ar riachtanais fhisiceacha, intleachtúla, mhothúchánacha agus shóisialta an duine roghnaithe | [5]–[9] | Cur síos inniúil ar an dóigh a dtéann míchumas i bhfeidhm ar riachtanais fhisiceacha, intleachtúla, mhothúchánacha agus shóisialta an duine roghnaithe | [10]–[14] | Cur síos an-inniúil ar an dóigh a dtéann míchumas i bhfeidhm ar riachtanais fhisiceacha, intleachtúla, mhothúchánacha agus shóisialta an duine roghnaithe | [15]–[18] | |
| A(ii)<br>CM1<br>CM2<br>CM3 | Anailís bhunúsach ar an dóigh a riarann seirbhísí sláinte agus cúram sóisialta comhtháite ar riachtanais an duine roghnaithe | [1]–[6] | Anailís shásúil ar an dóigh a riarann seirbhísí sláinte agus cúram sóisialta comhtháite ar riachtanais an duine roghnaithe | [7]–[12] | Anailís inniúil ar an dóigh a riarann seirbhísí sláinte agus cúram sóisialta comhtháite ar riachtanais an duine | [13]–[17] | Anailís an-inniúil ar an dóigh a riarann seirbhísí sláinte agus cúram sóisialta comhtháite ar riachtanais an duine roghnaithe | [18]–[22] | |
| B(i)<br>CM1<br>CM2 | Míniú bunúsach, agus samplaí in úsáid, ar cheithre bhealach ar féidir le páistí seirbhísí sláinte agus cúram sóisialta a rochtain | [1] | Míniú sásúil, agus samplaí in úsáid, ar cheithre bhealach ar féidir le páistíí seirbhísí sláinte agus cúram sóisialta a rochtain | [2] | Míniú inniúil, agus samplaí in úsáid, ar cheithre bhealach ar féidir le páistí seirbhísí sláinte agus cúram sóisialta a rochtain | [3] | Míniú an-inniúil, agus samplaí in úsáid, ar cheithre bhealach ar féidir le páistíí seirbhísí sláinte agus cúram sóisialta a rochtain | [4] | |

| | Banda Marcála 1 | Raon Marcanna | Banda Marcála 2 | Raon Marcanna | Banda Marcála 3 | Raon Marcanna | Banda Marcála 4 | Raon Marcanna | Marcanna |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| B(ii)<br>AO1<br>AO2<br>AO3 | Measúnú bunúsach ar na constaicí a bheadh ag páistí le teacht ar sheirbhísí sláinte agus cúram sóisialta. Anailís theoranta ar an dóigh leis na constaicí seo a shárú | [1]–[4] | Measúnú sásúil ar na constaicí a bheadh ag páistí le teacht ar sheirbhísí sláinte agus cúram sóisialta. Anailís shásúil ar an dóigh leis na constaicí seo a shárú | [5]–[9] | Measúnú inniúil ar na constaicí a bheadh ag páistí le teacht ar sheirbhísí sláinte agus cúram sóisialta. Anailís inniúil ar an dóigh leis na constaicí seo a shárú | [10]–[14] | Measúnú an-inniúil ar na constaicí a bheadh ag páistí le teacht ar sheirbhísí sláinte agus cúram sóisialta. Anailís an-mhaith ar an dóigh leis na constaicí seo a shárú | [15]–[18] | |
| C(i)<br>CM1<br>CM2 | Cur síos bunúsach ar na róil phoist atá ag triúr cleachtóirí a oibríonn le daoine níos sine | [1]–[4] | Cur síos sásúil ar na róil phoist atá ag triúr cleachtóirí a oibríonn le daoine níos sine | [5]–[8] | Cur síos inniúil ar na róil phoist atá ag triúr cleachtóirí a oibríonn le daoine níos sine | [9]–[12] | Cur síos an-inniúil ar na róil phoist atá ag triúr cleachtóirí a oibríonn le daoine níos sine | [13]–[16] | |
| C(ii)<br>CM1<br>CM2<br>CM3 | Anailís bhunúsach ar an dóigh a bhféadfadh duine amháin den triúr cleachtóirí na luachanna a bhaineann le cúram a chur i bhfeidhm ina c(h)uid oibre laethúil le húsáideoirí seirbhísí | [1]–[3] | Anailís shásúil ar an dóigh a bhféadfadh duine amháin den triúr cleachtóirí na luachanna a bhaineann le cúram a chur i bhfeidhm ina c(h)uid oibre laethúil le húsáideoirí seirbhísí | [4]–[7] | Anailís inniúil ar an dóigh a bhféadfadh duine amháin den triúr cleachtóirí na luachanna a bhaineann le cúram a chur i bhfeidhm ina c(h)uid oibre laethúil le húsáideoirí seirbhísí | [8]–[11] | Anailís an-inniúil ar an dóigh a bhféadfadh duine amháin den triúr cleachtóirí na luachanna a bhaineann le cúram a chur i bhfeidhm ina c(h)uid oibre laethúil le húsáideoirí seirbhísí | [12]–[14] | |
| C(iii)<br>CM1<br>CM2<br>CM3 | Luacháil bhunúsach ar na foinsí fianaise a úsáideadh i gCuid C | [1]–[2] | Luacháil shásúil ar na foinsí fianaise a úsáideadh i gCuid C | [3]–[4] | Luacháil inniúil ar na foinsí fianaise a úsáideadh i gCuid C | [5]–[6] | Luacháil an-inniúil ar na foinsí fianaise a úsáideadh i gCuid C | [7]–[8] | |
| | | Marc Iomlán ar fáil | | | | | | 100 | |

© CCEA 2017

**COUNCIL** FOR THE **CURRICULUM, EXAMINATIONS** AND **ASSESSMENT**
29 Clarendon Road, Clarendon Dock, Belfast BT1 3BG
Tel: +44 (0)28 9026 1200 Fax: +44 (0)28 9026 1234
Email: info@ccea.org.uk Web: www.ccea.org.uk

*Rewarding Learning*